Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2024/48

11.1.2024

**CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 48/2021**

**an 5 Feabhra 2021**

**lena leasaítear Iarscríbhinn IX (Seirbhísí airgeadais) a ghabhann le Comhaontú LEE [2024/48]**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1145 ón gCoimisiún an 31 Iúil 2020 lena leagtar síos faisnéis theicniúil le haghaidh forálacha teicniúla agus bunchistí dílse a ríomh i gcomhair tuarascála le dátaí tagartha ón 30 Meitheamh 2020 go dtí an 29 Meán Fómhair 2020 i gcomhréir le Treoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le gabháil le gnó an Árachais agus an Athárachais agus saothrú an ghnó sin ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an pointe seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 1zl (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/641 ón gCoimisiún) d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE:

'1zm. **32020 R 1145**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1145 ón gCoimisiún an 31 Iúil 2020 lena leagtar síos faisnéis theicniúil le haghaidh forálacha teicniúla agus bunchistí dílse a ríomh le haghaidh tuarascála le dátaí tagartha ón 30 Meitheamh 2020 go dtí an 29 Meán Fómhair 2020 i gcomhréir le Treoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le gabháil le gnó an Árachais agus an Athárachais agus an gnó sin a shaothrú (IO L 250, 3.8.2020, lch. 1).'

*Airteagal 2*

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1145 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 6 Feabhra 2021, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile de réir Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *.

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 250, 3.8.2020, lch. 1.
* Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 5 Feabhra 2021.

*Thar ceann Chomhchoiste LEE*
*An tUachtarán*
Clara GANSLANDT